C/2025/5139

28.10.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Ról na gceardchumann maidir le táirgiúlacht a fheabhsú

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/5139)

Rapóirtéir: **Philip VON BROCKDORFF**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	27.2.2025
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa rannóg	4.7.2025
Dáta a ghlactha sa seisiún iomlánach	16.7.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	598
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	156/5/3

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Molann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) go láidir go ndéanfaí infheistíocht tháirgiúil i gcaipiteal, i dteicneolaíocht agus i gcaipiteal daonna, rud a chuideodh le borradh a chur faoin táirgiúlacht saothair. Chuideodh na hinfheistíochtaí sin leis an bhfás táirgiúlachta a mhéadú agus, le himeacht ama, bheidís ag teacht leis na leibhéil táirgiúlachta sna Stáit Aontaithe. Mar sin féin, aithníonn CESE gur FBManna iad formhór na ngnólachtaí ar fud an Aontais agus go bhfuil siad ar bheagán ionadaíochta ceardchumainn. Molann CESE go dtabharfaí tacaíocht rialtais amhail tacaíocht chomhairleach straitéiseach agus tacaíocht fothaithe acmhainneachta chun borradh a chur faoin táirgiúlacht in FBManna.

1.2. Tá ról tábhachtach ag ceardchumainn sa táirgiúlacht saothair trí na sásraí a bhaineann go sonrach leo, is iad sin, an chómhargáil agus/nó comhaontuithe earnáilbhunaithe, agus trí nuálaíocht san ionad oibre a éascú, rud a d'fhéadfadh feabhas a chur ar tháirgiúlacht saothair. I ndáil leis sin, creideann CESE go bhféadfaí an chómhargáil agus an t-idirphlé sóisialta a leathnú chun samhlacha oibre nua a dhearadh lena gcuirfí borradh faoin nuálaíocht, amhail struchtúir chomhoibríocha foirne, solúbthacht ama oibre agus tionscnaimh cheannaireachta chomhroinnte.

1.3. Tá CESE den tuairim go bhféadfadh ceardchumainn a bheith rannpháirteach i dtagarmharcanna táirgiúlachta earnáilsonracha agus táscairí feidhmíochta a leagan síos. Mar gheall ar an ionchur a sholáthraíonn siad, áirithítear go léiríonn na haonaid tomhais obair ar ardchaighdeán, nuálaíocht agus cleachtais ghnó inbhuanaithe, seachas ciorrú costais gearrthéarmach.

1.4. Rud a mholann CESE guth níos láidre a bheith ag oibrithe san ionad oibre trí fhaisnéis a roinnt leo agus trí dhul i gcomhairle leo go héifeachtach, i gcomhréir leis an reachtaíocht agus cleachtais náisiúnta, gan cur isteach ar chumas cuideachtaí cinntí a dhéanamh. Cé go bhfuil ag éirí leis an gcomhbhainistíocht nó le rannpháirtíocht ionadaithe fostaithe i struchtúir rialaithe gnólachtaí i roinnt tíortha de chuid an Aontais agus go bhféadfadh sé sin a bheith ina shamhail do thíortha eile, ba cheart mar sin féin bainistíocht na cuideachta a fhágáil faoin lucht bainisíochta freagraí, lena n-áirítear i gcás FBManna.

1.5. Leagann CESE béim ar ról na gcomhairlí fostaithe, rud a d'fhéadfadh, b'fhéidir, cuidiú le leibhéal sástachta ní b'airde leis an bpost, tuarastail ní b'airde agus cobhsaíocht post ní b'fhearr a bhaint amach i gcomparáid le cuideachtaí nach bhfuil comhairlí fostaithe acu.

1.6. Chomh maith le tacú le táirgiúlacht trí ligean d'oibrithe lámh a bheith acu i gcúrsaí cinnteoireachta san ionad oibre, trí fhaisnéis a thabhairt dóibh agus trí dhul i gcomhairle leo go héifeachtach, dhá rud is gá a dhéanamh, d'fhéadfadh ceardchumainn feabhas a chur ar thorthaí gnó freisin trí chuidiú le cuideachtaí na hoibrithe sin a bhfuil taithí acu a choinneáil, ar daoine iad a d'fhéadfadh a bheith níos táirgiúla. Tacaíonn sé sin leis an gcobhsaíocht is gá le haghaidh infheistíochtaí sa chaipiteal daonna cuideachta-shonrach agus san oiliúint is gá chun borradh a chur faoin táirgiúlacht.

1.7. D'fhéadfadh ceardchumainn a bheith mar chuid den chothromóid chun leibhéil arda neamhláithreachta a d'fhéadfadh a bheith ann cheana a laghdú, ós rud é go gcuireann rátaí arda neamhláithreachta costas suntasach ar ghnólachtaí agus ar airgeadas poiblí. Tríd an gcómhargáil agus tríd an gcomhar san ionad oibre, is féidir le ceardchumainn cuidiú le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na neamhláithreachta.

1.8. Tá CESE den tuairim gur féidir leis an gcómhargáil rannchuidiú leis an táirgiúlacht trí thimpeallacht oibre dhearfach thacúil a chur chun cinn, trí luach fostaithe a aithint, agus trí chomhar agus nuálaíocht a spreagadh, lena n-áirítear modhanna digiteacha atá dírithe ar oibrithe agus an intleacht shaorga a chur i bhfeidhm san ionad oibre.

1.9. Molann CESE freisin go mbeadh comhar níos láidre ann idir ceardchumainn agus gnólachtaí maidir le cláir oiliúna leanúnacha agus uas-scilithe a chomhdhearadh agus a chur chun feidhme, go háirithe in earnálacha ina bhfuil claochlú teicneolaíoch ag tarlú.

1.10. D'fhéadfadh ról tacaíochta a bheith ag ceardchumainn freisin i scéimeanna lena spreagtar soghluaisteacht dheonach oibrithe dífhostaithe chuig réigiúin ina bhfuil ganntanas lucht saothair, lena n-áirítear trí chomhaontuithe soghluaisteachta, tacaíocht tithíochta agus aitheantas do cháilíochtaí, agus dálaí oibre cothroma á n-áirithiú ag an am céanna.

1.11. Athdhearbhaíonn CESE gur féidir leis an idirphlé sóisialta agus leis an gcómhargáil cuidiú leis an táirgiúlacht a mhéadú agus pá a ardú trí rannpháirtíocht agus páirtíocht na gceardchumann, de réir rialacha agus cleachtais náisiúnta. Ina theannta sin, d'fhéadfaí a chur san áireamh sa phróiseas cómhargála an tionchar a bhíonn ag infheistíocht tháirgiúil agus ag teicneolaíochtaí nua ar oibrithe san ionad oibre.

1.12. Ar deireadh, cuireann CESE i bhfáth go bhfuil sé d'aidhm ag an Treoir maidir le Pá Íosta Leordhóthanach dálaí maireachtála agus oibre san Aontas a fheabhsú agus an chómhargáil i dtaca le socrú pá a chur chun cinn.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Roinnt den tátal atá le baint as tuarascálacha Draghi agus Letta is ea go bhfuil an tAontas ag cailleadh a bhuntáiste iomaíoch i gcomparáid leis na Stáit Aontaithe agus an tSín. Tá cúiseanna éagsúla leis sin ach luaitear costais atá ag dul i méid, lena n-áirítear pá, mar cheann de na príomhchúiseanna. Tá forbairtí pá ó 2022 i leith múnlaithe den chuid is mó ag an mboilsciú agus ag na cúinsí eacnamaíochta atá ag éirí níos deacra. Mar thoradh ar an méadú tobann ar an mboilsciú in 2022 mar gheall ar phraghsanna arda fuinnimh agus bia, bhí moill ar an méadú ar phá ainmniúil, rud a d'fhág go raibh caillteanais shuntasacha san fhíorphá agus i gcumhacht cheannaigh teaghlach ([1]).

2.2. Le dhá bhliain anuas, tá méadú tagtha ar phá ainmniúil san Aontas agus ar cheann de na cúiseanna leis sin tá praghsanna níos airde a chúiteamh. Shroich an fás ar chúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí 6,1 % in 2023, ach tháinig moill ar na méaduithe in 2024. Sa chéad ráithe de 2024, shroich an fás sin 5,6 % bliain ar bhliain ach lean an méadú de bheith ag moilliú sna ráithí ina dhiaidh sin de 2024 de réir mar a laghdaigh an boilsciú ([2]).

2.3. Chuir an fás ar phá idirbheartaithe go mór leis an dinimic phá sin agus, mar a bhíothas ag súil leis, bhí gá leis an bhfás sin chun caillteanais cumhachta ceannaigh a chúiteamh mar a mhínítear i bpointe 2.1 thuas. Ar ndóigh, is é pá idirbheartaithe an toradh ar mhargáil pá agus ar chomhaontuithe a dhéantar idir fostóirí agus ceardchumainn. De réir *Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Fómhar 2024* a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach, meastar go dtiocfaidh méadú 3,5 % ar an gcúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí in 2025. Tá sé sin os cionn an mheánmhéadaithe de thart ar 1,8 % a taifeadadh idir 2013 agus 2019, agus léiríonn sé éilimh dhlisteanacha ó cheardchumainn na rátaí arda boilscithe a bhí ann in 2022 agus 2023 a chúiteamh ([3]). Tá an fás a bhfuil coinne leis in 2025 i bhfad níos ísle ná leibhéil 2023 (6,1 %), mar gheall ar an moilliú ar bhoilsciú agus timpeallacht eacnamaíoch an-dúshlánach.

([1]) Labour Market and Wage Developments in Europe, Athbhreithniú Bliantúil 2024, an Coimisiún Eorpach: https://op.europa.eu/webpub/empl/lmwd-annual-review-leaflet-2024/.

([2]) Labour Market and Wage Developments in Europe, Athbhreithniú Bliantúil 2024, an Coimisiún Eorpach: https://op.europa.eu/webpub/empl/lmwd-annual-review-leaflet-2024/.

([3]) Tá brú aníos ar phá freisin mar gheall ar theannas sa mhargadh saothair.

2.4. Ba cheart a thabhairt faoi deara, d'ainneoin an fháis láidir ar phá ainmniúil in 2023, agus difríochtaí suntasacha ar fud na mBallstát san áireamh, go raibh an fíorphá ([4]) ar an meán in 2024 1,1 % faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim. Bhí an bhearna idir fíorathruithe ar phá (%) i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim (2019) an-mhór san Iodáil, sa Ghréig (a thaifead fás íseal de phá ainmniúil) agus sa tSeicia (a raibh uirthi déileáil le boilsciú an-ard), sa Ghearmáin, sa Fhrainc agus san Fhionlainn ([5]). In 2025, meastar go dtiocfaidh fás ar phá ainmniúil agus ar fhíorphá le chéile, rud a thugann le tuiscint gur cheart méaduithe ar phraghsanna mar gheall ar bhoilsciú a chumhdach le cúiteamh oibrithe.

2.5. San Aontas, ba é 58,9 % an sciar tuarastail mar chéatadán de OTI in 2004 agus shroich sé buaicphointe 60 % in 2009. Thit an cóimheas sin go 57 % in 2021, arb é an figiúr is ísle é ó bhí 2004 ann ([6]). Comhthacaíonn an Coimisiún leis sin in Athbhreithniú Bliantúil 2024 dar teideal *Labour market and wage developments in Europe, Annual Review 2024* ([7]), inar thángthas ar an gconclúid gur tháinig laghdú ar an sciar tuarastail le fiche bliain anuas (cé gur ar éigean é), le linn luaineachtaí timthriallacha. Is éard atá sa sciar tuarastail ná an chuid den ioncam náisiúnta a leithdháiltear ar oibrithe mar chúiteamh. Is dócha gurb iad luaineachtaí timthriallacha i ngeilleagair an Aontais is cúis leis an laghdú sin agus is é is cúis leis sin go dtógann sé am chun pá agus fostaíocht a chur in oiriúint do luaineachtaí timthriallacha mar gheall ar chineál docht na margaí saothair. Is gnách go dtagann méadú ar an sciar tuarastail le linn cúlú eacnamaíoch agus titeann sé le linn téarnaimh. Mar fhianaise air sin tá an méid a tharla le linn Mhórchúlú Eacnamaíoch 2009, agus an ghéarchéim eacnamaíoch in 2020 tar éis ráig COVID-19.

2.6. Tá sé tábhachtach freisin féachaint ar an gcomhghaol idir dinimic an phá a bhfuiltear ag súil léi agus brúnna boilscitheacha sa ghearrthéarma. De réir an Choimisiúin, ní raibh dinimic an phá ina cúis le brúnna boilscitheacha. Mar sin féin, is údar imní fós cúrsaí iomaíochais i roinnt Ballstát, lena n-áirítear i lár agus in oirthear na hEorpa, rud a fhágann nach mór measúnú micrileibhéil a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag aon mhéadú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar thuarastail ar an iomaíochas. Ar ndóigh, ní féidir gnólachtaí a choigeartaíonn praghsanna chun cuid de na harduithe pá a bhí ann le déanaí a chumhdach a chur as an áireamh. Mar a tharla tráth na géarchéime fuinnimh, áfach, thaifead gnólachtaí brabús ní b'airde in aghaidh an aonaid agus ghníomhaigh an brabús ní b'airde sin ([8]) mar sciath chosanta agus mhaolaigh siad aon bhrú boilscitheach a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar mhéaduithe pá. Tháinig méadú suntasach ar bhrabúis chorparáideacha i roinnt earnálacha le linn na géarchéime fuinnimh, ó 51,3 % in 2021 go 53,2 % de OTI in 2022 ([9]). Mar sin féin, thosaigh siad ag titim in 2023 agus tuartar go leanfaidh siad de bheith ag laghdú in 2024, cé go bhfuil siad fós ard.

2.7. Ar deireadh, má dhéanaimid anailís ar iomaíochas costais (agus comparáidí á ndéanamh leis na Stáit Aontaithe), arb é sin an cóimheas idir an cúiteamh ainmniúil agus an táirgiúlacht, rud a úsáidtear go coitianta mar thomhas ar iomaíochas costais, mhéadaigh costas an aonaid saothair san Aontas ag an ráta céanna beagnach leis na Stáit Aontaithe, é sin thart ar 15-17 %. A mhéid a bhaineann leis an iomaíochas, ní gá gur costas é an t-iomaíochas, agus an costas saothair mar chuid de, ach tá méadú tagtha ar tháirgiúlacht ar luas níos moille san Aontas i gcomparáid leis na Stáit Aontaithe (0,7 % san Aontas idir 2019 agus 2023; 6,4 % in SAM). Os a choinne sin, ba é 15,9 % an fás ar chúiteamh ainmniúil san Aontas idir 2019 agus 2023 i gcomparáid le 20,5 % sna Stáit Aontaithe.

3. **Barúlacha agus moltaí ginearálta**

3.1. Má tá an táirgiúlacht le fás san Aontas ar an ráta céanna ar a laghad agus atá sna Stáit Aontaithe, dá dtagraítear i bpointe 2.5 thuas, ní mór don Aontas infheistíocht mhór a dhéanamh i gcaipiteal, i dteicneolaíocht agus i gcaipiteal daonna. Ag an am céanna, tá gá le hiarrachtaí freisin chun borradh a chur faoi tháirgiúlacht saothair ([10]), rud atá spreagtha den chuid is mó ag infheistíocht i gcaipiteal, dul chun cinn teicneolaíoch agus caipiteal daonna. De bhrí go meastar go bhfanfaidh táirgiúlacht saothair íseal ó thaobh struchtúir de ag 0,9 % in 2025 ([11]), tríd an táirgiúlacht ([12]) a neartú, d'fhéadfaí raon feidhme breise a thabhairt chun pá a mhéadú go hinbhuanaithe (trí tháirgiúlacht saothair fheabhsaithe) san Aontas. Ar bhonn na fianaise a sholáthraítear i Roinn 2, is féidir táirgiúlacht agus pá araon a mhéadú an tráth céanna gan aon tionchar diúltach a bheith aige ar an iomaíochas.

([4]) Is éard atá san fhíorphá ná luach an phá i dtéarmaí cumhachta ceannaigh. Níl i bpá ainmniúil (nó pá 'airgid') ach luach airgeadúil pá, ach coigeartaítear fíorphá chun boilsciú praghsanna a chur san áireamh, rud a laghdaíonn cumhacht cheannaigh an phá ainmniúil.

([5]) . Labour Market and Wage Developments in Europe, Athbhreithniú Bliantúil 2024, an Coimisiún Eorpach: https://op.europa.eu/webpub/empl/lmwd-annual-review-leaflet-2024/.

([6]) https://www.euronews.com/business/2024/04/19/workers-slice-of-the-gdp-pie-how-do-income-shares-compare-across-europe.

([7]) *Labour Market and Wage Developments in Europe*, Athbhreithniú Bliantúil 2024, an Coimisiún Eorpach.

([8]) Déanann brabús in aghaidh an aonaid brabúis chorparáideacha a ríomh mar an difríocht idir an t-oll-bhreisluach agus an cúiteamh d'fhostaithe. Áirítear leis an sainmhíniú sin ollbharrachas oibriúcháin agus ioncam measctha in aghaidh an aonaid d'fhíor-OTI.

([9]) . Labour Market and Wage Developments in Europe, Athbhreithniú Bliantúil 2024, an Coimisiún Eorpach: https://op.europa.eu/webpub/empl/lmwd-annual-review-leaflet-2024/.

([10]) Is éard is táirgiúlacht saothair ann beart a chuireann aschur eacnamaíoch i gcomparáid leis an méid saothair is gá chun an t-aschur sin a tháirgeadh.

([11]) . Labour Market and Wage Developments in Europe, Athbhreithniú Bliantúil 2024, an Coimisiún Eorpach: https://op.europa.eu/webpub/empl/lmwd-annual-review-leaflet-2024/.

([12]) Is féidir le tionchar na hacmhainneachta ionsúcháin ar an nuálaíocht buntáistí iomaíocha inbhuanaithe a thabhairt do chuideachtaí seirbhíse.

3.2. Cuirtear fianaise maidir leis sin in iúl sa staidéar a rinne Genz et al. (2019) ([13]) inar tugadh faoi deara go raibh tionchar dearfach ag infheistíocht cuideachtaí i dteicneolaíochtaí digiteacha sa Ghearmáin ar phá oibrithe, sa mhonaraíocht dlútheolais (e.g. monaróirí gluaisteán agus meaisíní) agus i seirbhísí nach bhfuil dian ar eolas (e.g. mórdhíoltóirí agus bialanna) araon. Go príomha, is í an infheistíocht ó chuideachtaí a chuirfidh borradh faoin táirgiúlacht saothair. Má theipeann ar chuideachtaí a ndóthain infheistíochta a dhéanamh i nuálaíocht táirgí nó i dtáirgiúlacht níos fearr, ní bheidh siad in ann bogadh suas sa slabhra luacha agus leanúint de bheith iomaíoch ([14]).

3.3. Tá ról lárnach ag rialtais maidir le borradh a chur faoin táirgiúlacht, trí chaiteachas poiblí ar theicneolaíocht, ar chaipiteal fisiciúil agus ar chaipiteal daonna, agus trí scéimeanna tacaíochta atá dírithe ar tháirgiúlacht a fheabhsú i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide ina bhfuil ionadaíocht na gceardchumann teoranta. Ar an taobh eile, tá ról tábhachtach ag ceardchumainn i dtáirgiúlacht saothair trí na sásraí a bhaineann go sonrach leo, is iad sin cómhargáil agus/nó comhaontuithe earnáilbhunaithe lena gcumhdaítear príomhghnéithe eile seachas caibidlíocht pá. Is féidir tionchar a bheith acu ar threo an bheartais trína stiúradh i dtreo gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil breisluach níos airde ag baint leo. Thairis sin, déanann ceardchumainn cumhacht na n-oibrithe aonair a chomhcheangal trí chómhargáil agus trí ghníomhaíocht chomhchoiteann. Agus an méid sin á dhéanamh acu, d'fhéadfaidís dinimic an mhargaidh saothair a mhúnlú chun tacú le margaí iomaíocha. Tríd an gcaibidlíocht, is féidir le ceardchumainn tacú le straitéisí gnó trí leasanna gnólachtaí a ailíniú le leasanna na n-oibrithe, go háirithe tríd an nuálaíocht a éascú san ionad oibre, rud a d'fhéadfadh feabhas a chur ar tháirgiúlacht saothair. I ndáil leis sin, creideann CESE go bhféadfaí an t-idirphlé sóisialta a leathnú chun samhlacha oibre nua a dhearadh lena gcuirfí borradh faoin nuálaíocht, amhail struchtúir chomhoibríocha foirne, solúbthacht ama oibre agus tionscnaimh cheannaireachta chomhroinnte. D'fhéadfadh ceardchumainn a mholadh go ndéanfaí tástáil chuimsitheach ar shamhlacha den sórt sin.

3.4. Tá CESE den tuairim go bhféadfadh ceardchumainn a bheith rannpháirteach i dtagarmharcanna táirgiúlachta earnáilsonracha agus táscairí feidhmíochta a leagan síos. Mar gheall ar an ionchur a sholáthraíonn siad, áirithítear go léiríonn na haonaid tomhais obair ar ardchaighdeán, nuálaíocht agus cleachtais ghnó inbhuanaithe, seachas ciorrú costais gearrthéarmach. D'fhéadfaí a áireamh i gcreat tagarmharcála táirgiúlachta gnéithe amhail an toradh ar oiliúint, agus aschur in aghaidh na huaire oibre de réir earnála.

3.5. Nuair a bhíonn guth oibrithe níos láidre ag ionaid oibre bunaithe ar ról a bheith ag oibrithe maidir leis an gcaoi a mbainistítear cuideachtaí ([15]), is gnách go mbíonn láimhdeachas foirne níos ísle acu, rud a laghdaíonn na costais ghaolmhara do ghnólachtaí agus a chinntíonn freisin go n-íoctar oibrithe ar an gcaoi chéanna leis an luach a thugann siad. Trí chómhargáil, is féidir teipeanna margaidh a cheartú, féadfar neamhionannas ioncaim a aisiompú, agus is féidir tacú leis an bhfás eacnamaíoch.

3.6. Fuarthas amach i roinnt taighde go bhfuil an nasc dearfach idir táirgiúlacht, ar thaobh amháin, agus oibrithe a bhfuil guth acu, ar an taobh eile, níos suntasaí nuair a bhíonn tionchar díreach ag fostaithe i gcinntí cuideachta ([16]). D'fhéadfadh rannchuidiú na n-oibrithe leis an gcinnteoireacht tionchar suntasach dearfach a imirt ar tháirgiúlacht gnó. Is cosúil go bhfuil sé sin fíor freisin fiú nuair a chuireann oibrithe a dtuairimí in iúl trí bhealaí eile, amhail trí chomhúinéireacht de chineál éigin lena ndéantar leasanna oibrithe a ailíniú le leasanna gnó. Spéis a spreagadh arís i gcumhacht ionadaíochta oibrithe, trí fhaisnéis a roinnt le hoibrithe agus trí dhul i gcomhairle leo go héifeachtach, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina bhealach do chuideachtaí a n-aschur a mhéadú agus leasanna oibrithe a chur chun cinn freisin.

3.7. Tá an ábharthacht chéanna ag baint le ról na gcomhairlí fostaithe. Fuarthas amach i staidéar de chuid Eurofound ([17]) go mbíonn fostaithe i gcuideachtaí a bhfuil comhairlí fostaithe acu níos sásta lena bpost, go mbíonn tuarastail níos airde acu agus go mbíonn cobhsaíocht poist níos fearr acu ná mar a bhíonn ag baill foirne i gcuideachtaí nach bhfuil comhairlí fostaithe acu. Is féidir na torthaí sin a úsáid mar argóint láidir don mhúnla sóisialta Eorpach, ina bhfuil ról ríthábhachtach ag rannpháirtíocht ionadaíoch oibrithe, ag comhpháirtíocht shóisialta agus ag ardchaighdeáin dálaí oibre.

([13]) Genz, S., Janser, M. agus Lehmer, F. (2019), *The impact of investments in new digital technologies on wages – Worker-level evidence from Germany*, Jahrbücher für Nationalökonomie und Statistik, Iml. 239, Uimh. 3, lgh. 483–521, https://www.degruyterbrill.com/document/doi/10.1515/jbnst-2017-0161/html.

([14]) Féach *Financial Times*, 20 Márta 2025. *Italy's paper hub loses its story, page by page*.

([15]) Tá an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair ag spreagadh na dtíortha is comhaltaí chun an scéim um *Rannpháirtíocht na nOibrithe sa Bhainistíocht* a chur chun cinn.

([16]) *How Unions Can Increase Firm Productivity and Strengthen Economic Growth*, Kate Bahn agus Joe Peck, 6 Meán Fómhair 2023.

([17]) https://www.eurofound.europa.eu/ga/resources/article/2006/positive-effects-works-councils-working-conditions.

3.8. Chomh maith le tacú le táirgiúlacht trí ligean d'oibrithe dul i mbun cinnteoireachta san ionad oibre, d'fhéadfadh ceardchumainn feabhas a chur ar thorthaí gnó freisin trí chuidiú le cuideachtaí na hoibrithe sin a bhfuil taithí acu a choinneáil, ar daoine iad a d'fhéadfadh a bheith níos táirgiúla. Is lú seans go bhfágfadh oibrithe i gceardchumann a bpost. Tacaíonn sé sin, dá réir sin, leis an gcobhsaíocht is gá le haghaidh infheistíochtaí sa chaipiteal daonna cuideachta-shonrach agus san oiliúint is gá chun borradh a chur faoin táirgiúlacht.

3.9. D'fhéadfadh ceardchumainn a bheith mar chuid den chothromóid freisin chun aon leibhéil arda neamhláithreachta atá ann cheana a laghdú ([18]) ós rud é go gcuireann rátaí arda neamhláithreachta costas suntasach ar ghnólachtaí agus ar airgeadas poiblí. Tríd an gcómhargáil agus tríd an gcomhar san ionad oibre, is féidir le ceardchumainn cuidiú le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na neamhláithreachta.

3.10. Is féidir leis an gcómhargáil rannchuidiú leis an táirgiúlacht trí thimpeallacht oibre dhearfach thacúil a chur chun cinn, luach fostaithe a aithint, agus comhar agus nuálaíocht a spreagadh, lena n-áirítear modhanna digiteacha atá dírithe ar oibrithe agus an intleacht shaorga a chur i bhfeidhm san ionad oibre. Tá an méid sin go léir thar a bheith tábhachtach, go háirithe i dtimpeallacht eacnamaíoch atá an-dúshlánach.

3.11. Molann CESE freisin go mbeadh comhar níos láidre ann idir ceardchumainn agus gnólachtaí maidir le cláir oiliúna leanúnacha agus uas-scilithe a chomhdhearadh agus a chur chun feidhme, go háirithe in earnálacha ina bhfuil claochlú teicneolaíoch ag tarlú. Áirithítear lena rannpháirtíocht go ndéanfaí scileanna oibrithe a ailíniú le riachtanais cuideachtaí agus le treochtaí sa mhargadh saothair. Tá sé sin ábhartha freisin i margadh saothair arb é is príomhthréith ann lucht saothair atá ag dul in aois. Cuid den réiteach is ea an imirce dhleathach chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas lucht saothair, bearnaí scileanna a líonadh agus borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch, ach ní mór dálaí oibre iomchuí a áirithiú sna Ballstáit uile.

3.12. D'fhéadfadh ról tacaíochta a bheith ag ceardchumainn freisin i scéimeanna lena spreagtar soghluaisteacht dheonach oibrithe dífhostaithe chuig réigiúin ina bhfuil ganntanas lucht saothair, lena n-áirítear trí chomhaontuithe soghluaisteachta, tacaíocht tithíochta agus aitheantas do cháilíochtaí, agus dálaí oibre cothroma a áirithiú freisin.

3.13. Tá sé seanbhunaithe faoin tráth seo go bhfuil tionchar dearfach agus suntasach ag ceardchumainn ar phá. Bíonn ballraíocht i gceardchumann láidir, go háirithe, i measc oibrithe ar leibhéal níos ísle d'oideachas foirmiúil. Cuidíonn sé sin le borradh a chur faoin ngníomhaíocht eacnamaíoch, ós rud é gur gnách le hoibrithe ar ioncam íseal sciar níos airde dá n-ioncam a chaitheamh ar thomhaltas. Chomh maith le tionchar dearfach a bheith acu laistigh de chuideachtaí amhail táirgiúlacht níos airde agus láimhdeachas foirne níos ísle, ar deireadh téann an éifeacht mhaicreacnamaíoch sin chun tairbhe do ghnólachtaí freisin, toisc gur féidir leo na gnóthachain a bhaineann le táirgiúlacht níos mó agus fás eacnamaíoch níos airde a chomhroinnt. Seachas breathnú ar leasanna oibrithe mar leasanna atá ag teacht salach ar leasanna gnó, is féidir torthaí cuideachtaí a fheabhsú agus dul chun tairbhe don gheilleagar i gcoitinne ach iad a ailíniú tríd an bpróiseas cómhargála. Athdhearbhaíonn CESE gur féidir leis an idirphlé sóisialta agus leis an gcómhargáil cuidiú leis an táirgiúlacht a mhéadú agus pá a ardú trí rannpháirtíocht agus páirtíocht na gceardchumann. Ina theannta sin, d'fhéadfaí a chur san áireamh i bpróiseas na cómhargála an tionchar atá ag infheistíocht tháirgiúil agus teicneolaíochtaí nua ar oibrithe, ar oiliúint agus forbairt scileanna oibrithe, ar fhorbairtí tionscail, ar dhul i ngleic leis an neamhláithreacht, ar cháilíocht saoil agus dálaí oibre ginearálta.

3.14. Ar deireadh, cuireann CESE i bhfáth go bhfuil sé d'aidhm ag an Treoir maidir le Pá Íosta Leordhóthanach dálaí maireachtála agus oibre san Aontas a fheabhsú agus an chómhargáil i dtaca le socrú pá a chur chun cinn. Mar a luadh cheana, is féidir le cómhargáil atá ag teacht le straitéisí gnó cuidiú leis an táirgiúlacht saothair a fheabhsú agus an nuálaíocht san ionad oibre a éascú. Is féidir leis tacú freisin le hathsciliú oibrithe, go háirithe oibrithe scothaosta, agus a dtáirgiúlacht a ardú.

An Bhruiséil, an 16 Iúil 2025.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([18]) De réir Oifig Staidrimh Chónaidhm na Gearmáine, bhí fostaithe Gearmánacha ar shaoire bhreoiteachta ar feadh 15.1 lá oibre ar an meán in 2023, méadú 4 lá i gcomparáid le 2021.